

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

EARRACH 2018

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Post Samhraidh

Bhí Moya giota beag neirbhíseach ar a céad lá ina post samhraidh. Bhí áthas uirthi post a bheith aici sa bhaile mar bhí sí ag iarraidh imirt lena club peile, *Na Ceithre Máistrí* i rith an tsamhraidh. Bhí sí sásta fosta nach mbeadh sí taobh thiar de dheasc an t-am ar fad ach go mbeadh sí ag déileáil le custaiméirí a bheadh ag iarraidh rothair a thógáil amach ar cíos. Chuala sí go raibh an siopa rothar an-ghnóthach an samhradh roimhe sin. *Slí an Atlantaigh Fhiáin* ba chúis leis sin, dúirt Máнас léi, úinéir an tsiopa. Thaitin sé le Moya a bheith gnóthach.

Canúint Chonnacht

An Naomh Mac Dara

Chaith Peadar maidin Dé Sathairn ag glanadh a thrálaeir nua a bhí ceangailte le hais na céibhe aige i Ros a' Mhíl. Bhí sé tar éis cúig lá i ndiaidh a chéile a chaitheamh ag iascaireacht ar an taobh ó dheas d'Oileáin Árann. Bhí seachtain mhaith aige mar scipéir. Bhí an t-iasc go léir díolta aige, bhí an criú íoctha ach bhí an deic sleamhain anois agus bhí boladh uafásach éisc i ngach áit. Bhí *Beannú na mBád* le bheith ann an lá ina dhiaidh sin agus níor theastaigh ó Pheadar go dtitfeadh an sagart ná go gcuirfeadh an boladh éisc as dó. Nuair a bhí an deic sciúrtha aige fuair sé bosca péinte ó bhúit an ghluaisteáin agus phéinteáil sé an t-ainm, *An Naomh Mac Dara* ar an trálaer.

Canúint na Mumhan

An Chéad Chluiche leis an Ollscoil

Bhí Muiris ar a bhealach ar ais go Corcaigh ar an mbus nuair a fuair sé an téacs. Bhí sé roghnaithe ar fhoireann peile Ollscoil Chorcaí a bhí le himirt in aghaidh Ollscoil Bhaile Átha Cliath an Chéadaoin ina dhiaidh sin. Ó chaptaen na foirne, Ciarán Ó Murchú a tháinig an téacs. D'fhreagair Muiris an téacs láithreach agus dúirt sé go mbeadh se ar fáil. Bhí an fhoireann le bualadh le chéile ag geata na hOllscoile ar a hocht a chlog ar maidin, bhí turas fada rompu go Baile Átha Cliath agus ní bheidís ar ais i gCorcaigh go dtí a naoi a chlog san oíche. Ní bheadh Muiris in ann freastal ar aon léachtaí an lá sin. Shocraigh sé ríomhphost a chur chuig na léachtóirí ag gabháil leithscéil leo.

AN CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE
INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

EARRACH 2018

Sleachta Léitheoireachta

Canúint Uladh

Post Samhraidh

1. Cé a bhí giota beag neirbhíseach?
2. Cén t-ainm a bhí ar chlub peile Mhoya?
3. Céard a bheadh na custaiméirí ag iarraidh a thógáil amach ar cíós?
4. Cén fáth a raibh an siopa an-ghnóthach an samhradh roimhe sin?
5. Cén t-ainm a bhí ar úinéir an tsiopa?

Canúint Chonnacht

An Naomh Mac Dara

1. Cé a chaith maidin Dé Sathairn ag glanadh a thrálaeir?
2. Cá raibh an trálaer ceangailte?
3. Cén sórt bolaidh a bhí i ngach áit?
4. Cá bhfuair Peadar an bosca péinte?
5. Cén t-ainm a phéinteáil Peadar ar an trálaer?

Canúint na Mumhan

An Chéad Chluiche leis an Ollscoil

1. Cé a bhí ar a bhealach ar ais go Corcaigh?
2. Cén ollscoil a raibh Muiris ag freastal uirthi?
3. Cé a chuir an téacs chuig Muiris?
4. Cá raibh an fhoireann le bualadh le chéile?
5. Céard a shocraigh Muiris a chur chuig na léachtóirí?